

Uachtarán nua an Chonradh

Toghadh Gearóid Ó Cearbhalláin ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge mí Bealtaine seo caite. Béal Feirsteach go smior é Gearóid, lán le fuinneamh agus smaintí. B'é a bhí ina eagarthóir ar LÁ, an páipéar Gaeilge seachtainiúil a fhoilsítear i mBéal Feirste. Chas Úna Ní Cheannabháin agus Bríd Ní Chartúr leis an Uachtarán nua ag an gceolchoirm mór faoin aer a d'eagraigh an Conradh, ar pháirc Choláiste Chonnacht an mhí seo caite, le eolas a fháil ar céard a bhí i gceist aige a dhéanamh le Conradh na Gaeilge.

Admhaíonn Gearóid Ó Cearbhalláin, cé go bhfuil brí i ngluaiseacht na Gaeilge nach raibh ann le fáda an lá, go bhfuil Conradh na Gaeilge 'imeallaithe' i saol na Gaeilge. Feiceann sé go bhfuil sé thar am don Chonradh na daoine atá gníomhach i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta a mhealladh isteach sa Chonradh, sa gcaoi is go bhféadfadh an Conradh a bheith ina eagraíocht fuinniúil láidir ag labhairt ar son pobal na Gaeilge.

Níl aon chraobhacha don Chonradh gníomhach i gConamara ach tá sé i gceist ag Gearóid Ó Cearbhalláin an scéal sin a chur ina cheart. "Tá brí agus fuinneamh mór ins an bpobal Gaeilge i gConamara agus ba mhaith liom go mbeadh an bhrí sin sa Chonradh. Sílim gurbh é an rud a chaithfidh mise a dhéanamh, a thaispeáint do dhaoine an tábhacht atá le eagraíocht Ghaeilge agus na buntáistí a bhaineann le Conradh na Gaeilge. Ba mhaith liom dul ag na daoine atá ag tiomáint na dtionscnamh Gaeilge éagsúla i gConamara, an dearcadh atá agamsa faoi Chonradh na Gaeilge a mhíniú dóibh, le go dtiocfadh cuid acu seo isteach. B'fheidir go gcaithfidh muid Conradh na Gaeilge a athrú agus é a chur in oiriúint don rud atá ann."

Ní labhrann Gearóid Ó Cearbhalláin faoi 'Athbheochan na Gaeilge' ná 'Aithréimniú na Gaeilge' — an aidhm is mó a luaitear le Conradh na Gaeilge. Ina áit labhrann sé faoi 'pobal na Gaeilge' a thabhairt le chéile faoi bhrat an Chonradh sa gcaoi is go mbeidh an Conradh in ann labhairt ar son 'pobal na Gaeilge'. Dar le Gearóid is ionann 'pobal na Gaeilge' agus duine ar bith, bíodh siad sa Ghaeltacht, i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste nó in áit ar bith eile, an fhad is go bhfuil siad ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid mar phríomh theanga. Aithníonn sé nach bhfuil mórán cosúlachtaí idir grúpaí éagsúla den phobal Gaeilge. "Tá aitheantas dhá iarraidh againn, tá cearta áirithe uainn, caithimid a

bheith in ann ár dteanga a úsáid agus a bheith beo i siúlomh Pro-Ghaelach. Tá airgead rialtais iontach tábhachtach chuige sin. Ach ní thig leat dul i bhfeidhm ar aon rialtas mura bhfuil tú eagraithe."

Creideann Gearóid Ó Cearbhalláin go mba chóir go mbeadh tionchar ag Conradh na Gaeilge ar an rialtas. "Ar bhealach sa tréimhse áirithe seo tá muid mílte sa mhéid is go bhfuil Aire Gaeltachta ann atá iontach bádúil leis an nGaeilge. Tuigeann sé rudai agus tá dearcadh deimhneach aige féin ach ní bheidh seisean ann i gcónaí ach beidh pobal na Gaeilge ann i gcónaí agus beidh riachtanaisí againne agus caithimid a bheith ábalta cur le chéile agus ár gcás a chur os comhair an rialtais. Is eagraíocht náisiúnta muid agus is ceannaire náisiúnta mise. Tá an chumhacht agamsa an cas a chur os comhair na gceannairí náisiúnta ag leibhéal náisiúnta ar son eagraíocht náisiúnta bunaithe ar cheisteanna ar bith ar mhaith leis an eagraíocht a chur."

Ach admhaíonn Gearóid go bhfuil an eagraíocht lag ag an leibhéal áitiúil. "Tá leagan amach náisiúnta againn ach níl an chumhacht áitiúil againn go fóill. De réir mar a chruinníonn muid neart ag leibhéal áitiúil is amhlaidh is cumhachtaí a bheidh an guth náisiúnta. Sílim má tá muid chun cuspóirí áirithe a bhaint amach caithimid teacht le chéile agus seasamh le chéile agus guth aontaithe a bheith againne agus sin an tábhacht le Conradh na Gaeilge."

Tá an-dóchas aige go dtiocfaidh fás mór ar an nGaeilge agus pobal na Gaeilge. Deir sé gur tharla sé i ngnéithe eile den chultúr Gaelach — ón spóirt go dtí an ceol — agus go dtiocfaidh sé faoin nGaeilge chomh maith

Luann sé TnaG mar shampla den méid ar féidir a bhaint amach trí bhrú a chur ar rialtas. "Ach tá fiche ceist ann agus ní dóigh liom go gcuireann pobal na Gaeilge go leor brú ar an

Rialtas agus fiú nuair a chuireann, de thairbhe nach bhfuil muid chomh láidir sin, ní gá dóibh fiú agus éisteacht. Ach de réir mar a chruinníonn muid neart sílim go mbeidh orthu éisteacht. Má chuireann muid le chéile beidh muid láidir agus éisteacht an Rialtas le láidreacht agus níl aon amhras faoi sin. Caithimid bealaí oibre nó bealaí troda, más mian leat, a oibriú amach. Ní bheidh siad i gcónaí mar an gcéanna ar chuille cheist. Tá na daoine is díograsaí agus is fuinniúla sa tír páirteach i dtionscnamh éagsúla i ngluaiseacht na Gaeilge agus dá dtiocfadh linn na daoine sin a tharraingt le chéile, más féidir linn iad siúd a fháil ceangailte le Conradh na Gaeilge beidh guth againn agus bheadh eagla ar rialtas ar bith gan éisteacht leis."

Céard é dearcadh Gearóid ar mheath na Gaeilge sa Ghaeltacht i measc an dreama óig? Deir sé go bhfuil sé cineál faisíúnta do dhaoine óga Béarla a labhairt sna ceantacha Gaeltachta agus síleann sé go gcaithfear an Ghaeilge a dhéanamh faisíúnta. Sin ceann de na cúiseanna a eagraíodh an ceolchoirm i gColáiste Chonnacht le bannaí ceoil ar nós Éinniú, Na Firéin agus Bréag. "Caithfidh muid fómhá nua aimseartha agus bríomhar a chur chun tosaigh ó thaobh na Gaeilge de. Níl aon amhras orm ach go mb'iad na daoine óga a spreag an réabhlóid ceoil, spóirt agus rince. Siad na daoine óga a spreagfaidh an réabhlóid sa nGaeilge agus a iompróidh an Ghaeilge ar aghaidh ins na glúnta eile. Caithfidh tú úsáid a bhaint as na meáin chumarsáide leis an nGaeilge a dhéanamh faiseanta agus caithfidh tú úsáid a bhaint as an gcóras faiseanta atá ann i láthair na huair. Leanann daoine óga ceol, réaltaí scannán, teilifís agus rudai mar sin. Caithimid na bealaí sin uilig a úsáid. Rud amháin atá fíor faoi dhaoine óga, níl siad sásta an chrois a iompar níos mó. Ní raibh siad ariamh sásta an chrois a iompar. B'fheidir go raibh barraíocht de iompar croise ag baint le gluaiseacht na Gaeilge. Má cheanglaítear an teanga le spóirt, le spraoi, le saol sultmhar; má thaispeánann muid gur féidir buntáiste aird a bheith ann; más féidir linn a thaispeáint go bhfuil i bhfad níos mo seans agat post a fháil má tá Gaeilge agat sílim go gcuideoidh sé cuid mhór. Sílim go meallfadh sé sin daoine óga. Ní gá dúinn iad a bhuailleadh le bata cultúrtha le iad a choinneáil ar an dtaobh sin againne."



Trí ghlún fonnadóirí: Michael Mháire a' Ghabha Ó Ceannabháin; a mhac Paul agus a mháthair Máire a' Ghabha. Beidh an triúr acu le cloisteáil ag an oíche seanchais, scéalaíochta agus amhránaíochta i Scoil na hAirde, Cáma, ar an Luan, 11 Meán Fómhair, áit a bheas Eddie Bheartla Ó Conghaile ina fhear an tí. (pic: Bob Quinn)



TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge Teo.

180 suíocháin
Aiseanna Cleachtadh

Seó Samhraidh
Seirbhísí Riaracháin

DRÁMAÍOCHT DO GACH DUINE!

Má tá aon eolas uait faoi imeachtaí nó áiseanna na Taibhdhearca, téigh i dteangbháil linn nó buail isteach chuig:

TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
An tSráid Láir,
Gaillimh

Teil: 091-562024 (oifig); 563600 (1-6pm áirithint)
Facs: 091-563195

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO

Ionad Fiontraíochta, Ros Muc, Conamara
Teil: 091-74355 Fax: 091-74356

BIA • UISCE
MONATÓIREACHT TIMPEALLACHTA

TOMÁS O'HARE & ASSOCIATES

(T. Ó hÁr Teo.)

Design & Preparation of Quality Assurance Systems (ISO 9000, Q Mark)
Quality Assurance In-House Training
Independent Produce/Systems Auditing
Customised Software Development
Production & Engineering

Seirbhís Ardchaighdeán ar fáil

4 Waldemar Terrace, Dundrum, Dublin 14
Teil: 01-2961101 Facs: 01-2988309
nó Ros Muc, Conamara Teil: 091-74377